Údarás Uchtála na hÉireann
Adoption Authority of Ireland

**Tábla B – An chaoi a n-úsáidimid na sonraí pearsanta a bhailímid – Seirbhísí um Fhaisnéis agus Rianú Breithe**

*Ní úsáidfimid do shonraí pearsanta ach amháin chun na gcríoch agus na mbunús dlí a leagtar amach sa tábla thíos. I gcomhréir lenár n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, ní dhéanfaimid iontráil sa CPR ach amháin sa chás go bhfuil toiliú tugtha dúinn roimh ré ag an duine a bhfuil an iontráil déanta ina leith.*

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| **Daoine ábhartha, Daoine Cáilitheacha, nó Gaolta Cáilitheacha a dhéanann iarratas ar Theastas Breithe, Faisnéis Bhreithe (lena n-áirítear Tús Saoil, Cúram agus Faisnéis Leighis) agus a chuireann earraí a bhaineann le tuismitheoir nó gaol ábhartha ar fáil** | | |
| Chun d'iarratas a phróiseáil, lena n-áirítear iarratais ar theastas breithe, faisnéis bhreithe, grianghraif, faisnéis bhreithe a bhaineann leis an duine ábhartha.<br><br>Chun iarratais ar fhaisnéis a bhaineann le tús saoil, cúram nó clárú mícheart breithe, nó earraí sonraithe (mar shampla litir, grianghraf nó cuimhneachán) a phróiseáil.<br><br>Áirítear leis sin iarratais a dhéantar thar do cheann, iarratais a dhéanann tú thar ceann mionaoisigh, iarratais a dhéanann tú i ndáil le faisnéis bhreithe do thuismitheora, agus iarratais a dhéanann tú i ndáil le gaol. | Sonraí pearsanta sna 'Taifid Ábhartha' mar a shainmhínítear i gCuid 2 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022 i.e.<br><br>(a) a bhaineann le duine ábhartha ina bhfuil faisnéis bhreithe, faisnéis faoi thús saoil, faisnéis faoi chúram nó faisnéis leighis a bhaineann leis nó léi, nó grianghraf nó íomhá eile dá mháthair, athair nó gaol géiniteach eile;<br><br>(b) ina bhfuil nó ina ndéantar tagairt do chumarsáid ó thuismitheoir nó gaol géiniteach a bhaineann le duine ábhartha, atá i seilbh na Gníomhaireachta, an Údaráis nó foinse thánaisteach faisnéise;<br><br>(c) ina bhfuil nó ina ndéantar tagairt do chumarsáid ó duine ábhartha a bhaineann le tuismitheoir nó gaol géiniteach atá i seilbh na Gníomhaireachta, an Údaráis nó foinse thánaisteach faisnéise;<br><br>(d) atá i seilbh na Roinne Gnóthaí Eachtracha a bhaineann le leanbh a d'imigh an Stát sa tréimhse dar tús an 1 Eanáir 1940 agus dar críoch an 31 Nollaig 1979; chun críche a uchtáil nó a huchtáil taobh amuigh den Stát a éascú; nó a uchtáil nó a huchtáil faoi ordú uchtála ag duine a chónaigh in áit taobh amuigh den Stát, chun críche an linbh a chónaigh leis an duine; taifead forordaithe, nó taifead d'aicme forordaithe, faoi alt 43 (1). | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Codanna 2, 3 agus 4;<br><br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6 (1)(e) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Chun seisiún faisnéise a shocrú, ar an teileafón nó ag cruinniú duine-le-duine, de réir mar a iarrtar, le duine uchtaithe nó le duine ábhartha eile i gcás inar chláraigh tuismitheoir breithe sainrogha 'gan teagmháil a dhéanamh' ar an CPR, agus/nó chun cumarsáid a dhéanamh go díreach le duine a bhfuil sainrogha gan teagmháil a dhéanamh roghnaithe acu. | Is é a bheidh i gceist leis sin faisnéis a phróiseáil i ndáil le d'iarratas (mar a leagtar amach thuas) agus d'ainm agus d'fhaisnéis teagmhála a phróiseáil chun an seisiún faisnéise a eagrú.<br><br>San áireamh sna sonraí pearsanta a phróiseáiltear beidh mionsonraí teagmhála an duine uchtaithe nó duine ábhartha eile mar a taifeadadh iad ar an CPR agus/nó inár gcomhaid agus taifid féin, agus nuair is gá, mionsonraí teagmhála an tuismitheora breithe a bhfuil an sainrogha 'gan teagmháil a dhéanamh' roghnaithe acu. | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe faoi Chuid 2;<br><br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |
| **Daoine a dhéanann iarratas chuig an CPR** | | |

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Chun d'iarratas chuig an CPR le do shainrogha teagmhála i ndáil le gaol breith nó duine uchtaithe a fháil agus a phróiseáil | Na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil ar d'fhoirm iarratais chuig an CPR, agus aon sonraí pearsanta atá taifeadta ar an CPR a bhaineann le haon ghaol nó duine uchtaithe<br>D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith i gceist leis sin:<br>• d'ainm;<br>• do dháta breithe;<br>• do sheoladh;<br>• do mhionsonraí teagmhála;<br>• mionsonraí na dtríú páirtithe is mian leat teagmháil a dhéanamh leo;<br>• do shainroghanna teagmhála;<br>• doiciméid aitheantais, agus<br>• aon fhaisnéis eile a roinneann tú linn chun cabhrú linn meaits a dhéanamh thar do cheann (d'fhéadfadh sonraí catagóirí speisialta a bheith san áireamh leis sin)<br>Má dhéantar an t-iarratas i ndáil le duine éigin eile seachas tú féin, déanfaimid catagóirí áirithe sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil leis an duine ábhartha, lena n-áirítear ainm, dáta breithe, doiciméid aitheantais, agus aon fhaisnéis eile a roinneann tú linn chun cabhrú linn meaits a dhéanamh thar ceann an duine ábhartha (d'fhéadfadh sonraí catagóirí speisialta a bheith san áireamh leis sin). | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Cuid 6;<br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó atá riachtanach i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil, faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |
| Chun iontráil a bhaineann leat ar an CPR a thaifeadadh tar éis iarratas CPR a fháil uait | Mar thuas | Toiliú faoi Airteagal 6(1)(a) RGCS agus (nuair is infheidhme) Airteagal 9(2)(a) RGCS. |

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Chun faisnéis agus earraí arna dtaisceadh agat a fháil, a stóráil, a chosaint agus a roinnt, ar faisnéis agus earraí iad is mian leat a thabhairt do dhuine sonraithe. D'fhéadfá an fhaisnéis nó earra sin a thaisceadh nuair atá iarrtas chuig an CPR á dhéanamh agat, nó nuair a dhéanann tríú páirtí iontráil i ndáil leat ar an CPR. Ní chuirfimid an fhaisnéis ná an t-earra ar aghaidh ach amháin má tá an duine sonraithe cláraithe nó má chláraíonn an duine sonraithe leis an CPR agus má chomhaontaíonn sé nó sí glacadh leis an earra. | Beidh na sonraí pearsanta ag brath ar an bhfaisnéis arna taisceadh, agus d'fhéadfadh sonraí catagóirí speisialta a bheith san áireamh. D'fhéadfadh litir, grianghraf, cuimhneachán etc. a bheith i gceist. | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Cuid 6;<br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó atá riachtanach i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |
| Chun iontráil a dhéanamh sa CPR, chun an fhaisnéis a thug tú dúinn go díreach nó faisnéis fút a fuaireamar ó thríú páirtí a thaifeadadh | Do shonraí pearsanta atá taifeadta ar an CPR nó a úsáidtear i ndáil leis an CPR. D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh:<br>• an fhaisnéis a thugann tú dúinn i d'fhoirm iarratais CPR;<br>• faisnéis atá i gcomhaid agus taifid an Údaráis Uchtála cheana féin;<br>• faisnéis a chuireann tríú páirtithe ar fáil (mar shampla do ghaolta breithe) a mbeadh sainrogha teagmhála i ndáil leatsa déanta acu;<br>• faisnéis i ndáil le cibé ar tionóladh seisiún faisnéise le duine uchtaithe nó le duine ábhartha eile (duine dár bhfostaithe nó Tusla a chuirfidh sé sin in iúl dúinn);<br>• faisnéis a d'fhéadfadh an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais a cheangal orainn a thaifeadadh ar an CPR, de réir rialacháin. | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Cuid 6;<br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó atá riachtanach i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Chun oibriú teicniúil an CPR a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí shonraí pearsanta a aistriú chuig soláthraithe seirbhísí teicniúla tríú páirtí (mar shampla soláthraithe seirbhísí TF). | Na sonraí pearsanta go léir arna dtaifeadadh ar an CPR a phróiseáiltear go teagmhasach chun oibriú teicniúil an CPR a choinneáil ar bun agus a fheabhsú. | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Cuid 6;<br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |
| **Daoine (1) a lorgaíonn idirghabháil ag eascairt as meaitseanna ar an CPR agus/nó daoine (2) a dhéanann iarratas ar sheirbhísí rianaithe** | | |
| Chun an CPR a sheiceáil i gcomhair aon mheaitseanna; chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe ábhartha; chun faisnéis agus earraí a roinnt le páirtithe ábhartha; agus chun cumarsáid idir páirtithe ábhartha a éascú. | Beidh na sonraí pearsanta a phróiseáiltear ag brath ar cibé an bhfuil cruinniú idir beirt a 'meaitseáladh' ar an CPR á éascú ag an Údarás Uchtála, nó an bhfuil comhroinnt faisnéise á éascú aige. Is éard a bheidh san áireamh leis na sonraí a phróiseáiltear, de ghnáth:<br>• mionsonraí pearsanta na ndaoine a 'meaitseáladh' ar an CPR;<br>• mionsonraí teagmhála na ndaoine a 'meaitseáladh' ar an CPR;<br>• faisnéis is mian le duine de na páirtithe a 'meaitseáladh' a roinnt leis an duine eile<br>D'fhéadfadh aon fhaisnéis bhreise a bheith san áireamh sna sonraí pearsanta a phróiseáiltear, a mhéid a bheadh sí taifeadta sa CPR, agus a bheadh gá léi chun críche meaits a éascú. | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Alt 40 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022;<br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |

| Cuspóir/Gníomhaíocht | Cineál Sonraí Pearsanta | Bunús dlí le próiseáil |
|---|---|---|
| Féadfaidh an tÚdarás Uchtála sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche seirbhís rianaithe a dhéanamh. D'fhéadfaí sonraí sa CPR a úsáid chun teagmháil leis an duine a d'iarr an rianú a éascú. | Áirítear leis na sonraí a fhéadtar a phróiseáil:<br>• Mionsonraí teagmhála ábhartha idir na daoine meaitseáilte ábhartha;<br>• faisnéis is mian leis an duine ar an CPR / an duine a d'iarr an rianú a roinnt le hábhar/ábhair an rianaithe;<br>• faisnéis is mian le hábhar an rianaithe a roinnt le daoine ar an CPR; | (a) Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022, go háirithe Cuid 5;<br>(b) Ar chúiseanna suntasacha chun leas an phobail agus chun tasc a dhéantar chun leas an phobail a fheidhmiú, agus/nó i bhfeidhmiú ár n-údaráis oifigiúil faoi Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(g) RGCS agus Alt 66 den Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022. |
| **Cásanna Eile** | | |
| Chun críche freagairt d'iarrataí um shaoráil faisnéise; iarrataí um chosaint sonraí; iarraidh atá ceangailteach ó thaobh dlí de ó údarás poiblí nó cúirt. | Na catagóirí sonraí pearsanta atá ábhartha don iarraidh, nó mar a shonraítear in ordú cúirte. | Chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (arna leasú). |
| Ar chúiseanna chun leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, lena n-áirítear cosaint ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte. | Sonraí sláinte. | Chun cloí le haon oibleagáidí dlíthiúla nó rialála agus le haon cheanglais maidir leis an tsláinte phoiblí de bhun Airteagal 6(1)(c) agus Airteagal 9 (2)(b) RGCS agus Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus/nó Airteagal 9(2)(i) RGCS agus Alt 53 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. |
| I gcásanna áirithe, chun do leas ríthábhachtach nó leas ríthábhachtach duine eile a chosaint i gcás nach féidir leat toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil agus i gcás go gcuirtear sonraí leighis tábhachtacha in iúl dúinn a mheasann ár nOifigeach Leighis gur cheart a bheith ar eolas agatsa nó ag duine eile. | Beidh sé sin ag brath ar na cúinsí sonracha a bheidh ann. | is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint i gcás nach féidir leis an t-ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil faoi Airteagal 6(1)(d) agus Airteagal 9(2)(c) RGCS. |